# Abair Do Thuairim

Tionól Réigiúnach an Deiscirt
Southern Regional Assembly

## Cabhraigh chun Todhchaí Réigiún an Deiscirt a Mhúnlú

Tá tús curtha ag Tionól Réigiúnach an Deiscirt le hathbhreithniú ar an Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch (RSES) do Réigiún an Deiscirt. Leagann an RSES síos an straitéis fhadtéarmach maidir le pleanáil agus forbairt eacnamaíoch i Réigiún an Deiscirt, go dtí 2040 agus áireofar ann Pleananna Straitéiseacha Limistéar Cathrach (MASPanna) do Chorcaigh, Luimneach-Sionainn agus Port Láirge.

Ullmhaíodh ceithre Pháipéar Saincheisteanna chun cabhrú leis an bpobal freagairt don athbhreithniú.

**Páipéar Saincheisteanna don Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch do Réigiún an Deiscirt (RSES) 2027 – 2040**

Páipéar Saincheisteanna maidir le Plean Straitéiseach Limistéar Cathrach Chorcaí (C-MASP)

Páipéar Saincheisteanna maidir le Plean Straitéiseach LimistéarCathrach Luimnigh – Shionainne (LS-MASP)

Páipéar Saincheisteanna maidir le Plean Straitéiseach Limistéar Cathrach Phort Láirge (W-MASP)

Tacaíonn an RSES le cur i bhfeidhm réigiúnach an Chreata Náisiúnta Pleanála agus tá sé mar bhonn eolais do Phleananna Forbartha Contae.

Tabharfaidh an RSES aghaidh ar phríomhcheisteanna a mbíonn tionchar acu ar fhorbairt Réigiún an Deiscirt amach anseo, amhail:

- Conas is féidir linn freastal ar riachtanais tithíochta agus áiseanna poiblí ar fud ár gCathracha, ár Limistéar Cathrach, ár mBailte agus ár bPobal Tuaithe?
- Conas is féidir leis an RSES seirbhísí agus áiteanna ardchaighdeáin a dhearadh a chruthaíonn pobail bheoga?
- Cad iad na deiseanna comhshaoil agus inbhuanaitheachta ar chóir tús áite a thabhairt dóibh le haghaidh oiriúnaithe agus fáis sa Réigiún?
- Conas is féidir linn soláthar a dhéanamh do neamhspleáchas fuinnimh dár réigiún agus dár dtír.
- Conas is féidir linn córais soghluaisteachta agus iompair a chur ar fáil ar fud an Réigiúin atá éifeachtúil, inbhuanaithe agus a bhfuil rochtain orthu?
- Conas is féidir leis an Réigiún a gheilleagar a neartú agus infheistíocht a mhealladh agus ag an am céanna rath, iomaíochas agus laghdú ar an neamhionannas a chothú?
- Conas is féidir leis an Réigiún cur lena láidreachtaí eolais, taighde agus oideachais atá ann cheana féin agus deiseanna níos fairsinge a chruthú do dhaoine rochtain a fháil ar scileanna, ar fhoghlaim agus ar nuálaíocht?

Tá ról le himirt ag gach eagraíocht agus duine aonair maidir leis an todhchaí a mhúnlú do Réigiún an Deiscirt, agus seo do dheis.

Tá luach ar leith ag baint le do thuairim a chur isteach go luath, toisc go gcabhraíonn sé leis na téamaí leathana agus an treo foriomlán a mhúnlú sula bhforbraítear ábhar níos mionsonraithe. Osclófar céimeanna breise comhairliúcháin maidir le tograí níos mionsonraithe níos déanaí sa phróiseas.

Is féidir aighneachtaí a dhéanamh faoin **Déardaoin 26 Bealtaine 2026** ag:

- consult.southernassembly.ie
- trí ríomhphost rses@southernassembly.ie
- tríd an bpost chuig Aighneachtaí RSES, Aonad Pleanála Réigiúnaí, Tionól Réigiúnach an Deiscirt, Teach an Tionóil, Sráid Uí Chonaill, Port Láirge X91 F8PC